



Preasráiteas

Lucsamburg, 13 Meitheamh 2022

Rinneadh grinnschrúdú lag ar rialuithe teorann Schengen le linn na paindéime

Ós rud é nach bhfuil ach uirlisí teoranta ar fáil dó, níl grinnschrúdú leordhóthanach déanta ag an gCoimisiún Eorpach ar na dúshlán maidir leis an gceart chun saorghluaiseachta a bhaineann leis an bpaindéim COVID-19. Is í seo an chonclúid fhoriomlán ar thuarascáil speisialta a d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) inniu. Ní dhearna maoirseacht na rialuithe teorann inmheánaí a d'athbhunaigh na Ballstáit ó Mhárta 2022 na rialacha Schengen a éascaíonn saorghluaiseacht san Aontas a choimirciú go hiomlán. Ina theannta sin, tarraingíonn na hiniúchóirí aird ar easpa comhordaithe idir srianta taistil na mBallstát, chomh maith le neamhréireachtaí le treoraíocht agus moltaí AE.

Tá an ceart ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht faoi shaoirse ar chríoch an Aontais. Déantar é seo a éascú trí dheireadh a chur le rialuithe teorann inmheánaí i limistéir Schengen, ina bhfuil 22 tír san Aontas agus 4 tír nach bhfuil san Aontas agus a chruthaigh limistéar taistil gan teorainn laistigh den Eoraip. Mar sin féin, is féidir bac a chur ar an gceart seo do bheartas poiblí, slándáil nó cúiseanna sláinte. Ó 2015, tá rialuithe teorann inmheánaí tugtha isteach an athuair ag roinnt tíortha de chuid an Aontais mar fhreagairt ar an ngéarchéim imirce, nó bhagairtí slándála (sceimhlitheoireacht den chuid is mó). Le déanaí, tá bearta glactha ag go leor Ballstát chun srian a chur le saoirse gluaiseachta laistigh den Aontas le linn phaindéim COVID-19, agus iarracht á déanamh acu leathadh an víris a theorannú. Agus rialuithe teorann inmheánaí á tabhairt isteach an athuair i limistéar Schengen, tá sé de cheangal ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach, atá fós freagrach as measúnú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann na srianta atá beartaithe reachtaíocht an Aontais agus nach sáraíonn siad an ceart chun saorghluaiseachta daoine.

“Ós rud é go bhfuil saorghluaiseacht daoine ar cheann de cheithre shaoirse bunriachtanach an Aontais agus go raibh sé i gcroílár an tionscadail Eorpaigh ó bunaíodh é, ba cheart don Choimisiún seiceáil go cúramach go raibh na srianta a tugadh isteach le linn phaindéim COVID ábhartha agus go raibh údar cuí leo”, a dúirt Baudilio Tomé Murguruza, an comhalta CIE atá freagrach as an iniúchadh seo. “Tá súil againn go gcuirfidh ár bhfionnachtana iniúchóireachta leis an díospóireacht atá fós ar siúl maidir leis an athbhreithniú ar chóras Schengen.”

Rinne na hiniúchóirí athbhreithniú ar gach fógra a thug na 150 Ballstát faoi rialuithe teorann inmheánaí a cuireadh isteach chuig an gCoimisiún Eorpach idir Márta 2020 agus Meitheamh 2021, bhain 135 fhógra le COVID-19 go heisiach. Taispeántar ina n-athbhreithniú nár chuir na fógraí fianaise leordhóthanach ar fáil chun a léiriú gur rogha dheireanach a bhí ann rialuithe teorann a chur i bhfeidhm mar bheart, nó go raibh siad comhréireach agus teoranta ó

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

thaobh a bhfad. Thairis sin, níl nósanna imeachta maidir le sárú seolta ag an gCoimisiún i dtaca le rialuithe teorann fadtéarmaí a tugadh isteach roimh an bpaindéim.

Ina theannta sin, ní bhfuair an Coimisiún na tuarascálacha *ex post* go léir a bhí sé ceaptha a fháil laistigh de na ceithre seachtaine ó cuireadh deireadh leis na rialuithe teorann inmheánaí. Mar an gcéanna leis na bearta rialaithe a fhorchuireadh le géarchéim na himirce agus bagairtí slándála roimh phaindéim COVID-19, níor iarr an Coimisiún faisnéise breise agus níor eisigh sé aon tuairim maidir leis an ábhar. Tá measúnú iniúchóirí an Aontais soiléir, mar sin: ní dhearna an Coimisiún Eorpach grinnschrúdú cuí féachaint an raibh na rialuithe teorann inmheánaí a tugadh isteach an athuair ag cloí le reachtaíocht Schengen.

Bhí deacrachtaí roimh an gCoimisiún freisin mar gheall ar laigí an chreata dhlíthiúil atá ann cheana chun maoirseacht a dhéanamh ar shrianta taistil COVID-19. Cé gur ar na Ballstáit amháin atá an fhreagracht i dtaobh na srianta sin a chur chun feidhme, is é sainordú an Choimisiúin ná cur chuige comhbheartaithe a éascú chun an tionchar ar thaisteal trasteorann laistigh den Aontas a íoslaghdú. Chuige sin, eisíodh treoraíocht, go ginearálta ar bhealach tráthúil. Ní raibh an treoraíocht a bhain le rialuithe teorann inmheánaí praiticiúil nó inghníomhaithe go leor, áfach, dar leis na hiniúchóirí.

Chuir an Coimisiún tionscnaimh thábhachtacha ar bun chun comhordú a dhéanamh ar bhearta a dhéanann difear don tsaoirse gluaiseachta. Ceann de na tionscnaimh sin ná ardán ‘Re-open EU’, a seoladh ar 1 Meitheamh 2020 chun tacú le hathoscailt shábháilte an taistil agus na turasoíreachta ar fud na hEorpa. Ach níos mó ná bliain amháin tar éis “Re-open EU” a sheoladh, bhí naoi mBallstát ann (an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ghearmáin an Eastóin, an Fhrainc, an Rómáin, an tSlóivéin, an Fhionlainn agus an tSualainn) nach raibh faisnéis nuashonraithe curtha ar fáil acu go fóill. Ar an gcaoi chéanna, níor tháinig cur chuige comhsheasmhach as iarrachtaí an Choimisiúin cúiteamh a fháil ar easpa struchtúir rialachais tríd an Grúpa um Fhaisnéis maidir le COVID-19 a chur ar bun. Bhí na srianta taistil a tháinig isteach le linn phaindéim COVID-19 fós neamh-chomhordaithe den chuid is mó, dar le hiniúchóirí an Aontais, agus ní raibh an Coimisiún in ann cosc a chur ar theacht chun cinn meascán bearta aonair, agus an-éagsúlacht i gceist leo ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

Faisnéis chúlra

Sonraíonn an Conradh ar an Aontas Eorpach go gcaithfidh an tAontas an méid seo a leanas a chur ar fáil dá shaoránaigh: “limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áirítear saorghluaiseacht daoine”. Is mór ag saoránaigh an Aontais Eorpaigh an tsaoirse gluaiseachta mar éacht suntasach faoi leith de lánpháirtiú an Aontais. Is í an tsaoirse taistil, staidéir agus oibriú áit ar bith san Aontas Eorpach an t-éacht is mó a aithníonn na saoránaigh, arb é an chéad áit é i suirbhéanna i mBallstáit uile AE, chun tosaigh ar an euro agus ar shíocháin. Ní hionann saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas agus deireadh a chur le rialuithe teorann inmheánaí i limistéar Schengen. Is féidir le saoránaigh gluaiseachta faoi shaoirse laistigh de Limistéar Schengen gan a bheith faoi réir rialuithe teorann inmheánaí. Tairbhíonn saoránaigh an Aontais de shaorghluaiseacht ar fud an Aontais, lena n-áirítear Ballstáit AE nár chuir deireadh le rialuithe teorann inmheánaí (go fóill).

Tuarascáil speisialta 13/2022, Tá “*Saorghluaiseacht san Aontas Eorpach le linn phaindéim COVID-19 - Grinnschrúdú teoranta ar rialuithe teorann inmheánaí, agus gníomhaíochtaí neamh-chomhordaithe ó Bhallstáit*” ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte (eca.europa.eu).

Níos déanaí i mbliana, tá sé beartaithe ag CIE tuarascáil speisialta ar thionscnaimh AE a fhoilsiú chun taisteal sábháilte a éascú le linn COVID-19.

Cuireann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuarascálacha speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh, chomh maith le páirtithe leasmhara eile amhail parlaimintí náisiúnta, geallsealbhóirí tionscail agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta. Cuirtear tromlach mór na moltaí a dhéantar sna tuarascálacha CIE i bhfeidhm.

Teagmháil phreasa

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu - T: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 553 547